

Flóra an Chladaigh

An Rabhán



Tugtar nóinín an chladaigh freisin ar na bláthanna bándearga seo a thagann i mbláth ag tús an tsamhraidh.

An Meacan Mara



Is débhlantóg é an meacan mara—fásann róiséad íseal de dhuilleoga sa chéad bhliain, sula mbláthaíonn an planda sa dara bliain.

An Lus Bealtaine Mara



Breathnaíonn bláth an phlanda seo cosúil le nóinín mór—tá siad sa chlann plandaí céanna.

Laíon na Trá



Tá gaol gar ag an bplanda inite seo le meacan biatais, planda as a dtagann biatas agus biatas siúcra.

An Biolar Trá



Tá go leor vitimín C sa bhiolar trá agus d'íosfadh mairnéalaigh é sula raibh torthaí citris fairsing.



Níl mórán gnáthóg níos dúshlánaí do phlandaí ná cóstaí fiáine na hÉireann. Caithfidh na plandaí seo a bheith in ann gálaí láidre, uisce sáile, gaineamh séidte, agus clocha corraitheacha a sheasamh.



Is minic gur plandaí ramhardhuilleacha a fhásann le cósta—stóráilann na duilleoga tiubha feolmhara níos mó uisce ná gnáthdhuilleoga.



Bíonn maidhmeanna cumhachtacha na farraige ag oibriú go síoraí ar chóstaí gainimh agus duirlinge na tíre. Bíonn fréamhacha fada láidre ag plandaí cósta le gur féidir leo greim a choinneáil sna coinníollacha corraitheacha seo.



An Luibh Bhléine



Is iondúil gur ar mhuireasc, riasc goirt ar an gcósta, a fhásann an luibh bhléine.

An Coireán Mara



Fásann an coireán mara ar aillte, ar charraigeacha cósta, agus i measc clocha duirlinge.

An Cearrbhacán Mara



Tá an cearrbhacán mara sa chlann plandaí céanna le cabáiste, ruachán, agus cóilis, i measc go leor plandaí inite eile.

An Muiríneach



Tá ról tábhachtach ag an muiríneach i gcobhsú dumhcha gainimh.

